# Polasaí Teanga

Aithníonn an Polasaí seo gur chóir Pobalscoil Chorca Dhuibhne a chumasú chun oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil chun cur le cothabháil na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Chuige sin:

- Is i nGaeilge, de ghnáth, a reáchtálfar gníomhaíochtaí oifigiúla na scoile, mar shampla, imeachtaí an Bhoird Bainistíochta, tionóil phoiblí agus comharthaí nó fógraí.

- Labharfar Gaeilge sa tseomra ranga, sa tseomra foirne, in oifigí na scoile, ar na páirceanna imeartha, ar thurais agus i ngach áit a mbíonn daltaí agus múinteoirí bailithe ar ghnó scoile.

- Múinfear gach ábhar trí Ghaeilge sa Phobalscoil.

- Laistigh don pholasaí Gaeilge, tabharfar aitheantas do riachtanais múinteoireachta agus foghlama i dtaobh teangacha eile a bheidh á múineadh sa scoil agus tabharfar gach saoirse agus cabhair do shealbhú na dteangacha sin.

- Cuirfear gach tacaíocht, acmhainn agus cabhair ar fáil do mhúinteoirí chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm.

- Iarrfar ar chuairteoirí chuig na scoile (mar shampla, Eagraíochtaí Stáit, Gnóthaí, Ollscoileanna) gach iarracht a dhéanamh gnó a dhéanamh leis an scoil trí Ghaeilge.

- Beidh ardchaighdeán Gaeilge riachtanach in aon earcaíocht foirne a déanfar don scoil.

- Cuirfear béim ar gach gné de chultúr na Gaeltachta i gcuraclam na scoile.

- Cothófar chomhoibriú le heagraíochtaí i gceantar na scoile chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a láidriú agus chun na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach.

Aithníonn an Polasaí seo chomh maith go bhfuil mic léinn cláraithe le Pobalscoil Chorca Dhuibhne, agus go bhféadfadh a bheith, gan a ndóthain eolais ar an nGaeilge acu chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí go hiomlán trí Ghaeilge.

Chuige sin:

- Cuirfear spreagadh, tacaíocht agus cabhair ar fáil do dhaltaí agus do thuismitheoirí nach acmhainn dóibh teacht i dtír ar theanga na scoile.

- Cuirfear an Comhaontú Socraithe sínithe san Ard Chúirt ar an 9 Iúil 2009 i bhfeidhm de réir mar a chuirtear na hacmhainní ar fáil chuige.

# Language Policy

This Policy recognises that Pobalscoil Chorca Dhuibhne should be enabled to provide education through the medium of Irish in order to contribute to the maintenance of Irish in the Gaeltacht

To that end:

- Official school business will, as a rule, be conducted through Irish, e.g. Board of Management business, public conferences, signage and announcements.
- Irish will be spoken in the classroom, in the staffroom, in the school offices, on the playing fields, on tours and in each place where students and teachers are engaged in school business.
- All subjects will be taught through Irish in the Pobalscoil.
- Recognition will be given within the Irish Policy to the teaching and learning needs of other languages being taught in the school. All liberty and supports will be provided for the acquisition of those languages.
- Teachers will be given every support, help and the resources to implement this policy.
- School visitors (e.g. Public Bodies, Firms, and Universities) will be asked to make every effort to carry out their business with the school in Irish.
- A high standard of Irish will be a necessary prerequisite in any staff recruitment.
- All aspects of Gaeltacht culture will be emphasised in the school curriculum.
- Co-operation will be fostered with organisations in the school catchment area so as to protect and strengthen the Irish language and to achieve the above mentioned aims.

This Policy also recognises that there are students enrolled, and who may enrol in the future, who do not have sufficient knowledge of Irish to participate in classes conducted exclusively through Irish.

To that end:

- Encouragement, help and support will be provided for both students and parents that have difficulties with mastering the language of the school.

- The Settlement Agreement signed at the High Court on 9th July 2009 will be implemented as the necessary resources are made available.